

Forbairt Scoil Cholmcille na Tulaí

In áit an chiúnais bhí torann mór le cloisteáil ó Scoil na Tulaí ó thús na bliana. Bhí Cuddy Teo. i mbun oibre le trí cinn de sheomraí ranga nua a thógáil mar aon le seomra múinteoirí, seomra don Phríomhoide, oifig nua, leithris nua, díon nua ar dhorchla na scoile, áit spraoi taobh amuigh le dromchla tarmacadam do na gasúir agus méadú a chur ar an gcarrchlós le freastal ar charranna na dtuismitheoirí. Leagadh an seantúr uisce agus an sean-ionad foscaidh le tuilleadh spáis a chur ar fáil mar áit spraoi do na gasúir.

Bail ó Dhia ar thuismitheoirí, ar mhúinteoirí agus ar Bhord Bainistíochta na Scoile a bhailigh €70,000 le cur leis an deontas flaithiúil de €583,000 a frítheadh ón Roinn leis an gcostas iomlán a ghlanadh.

Is é an t-ailtire Niall Ó Céirín a tharraing na pleananna don fhorbairt, faoi stiúir Bhord Bainistíochta na Scoile.

D'ordaigh Dia cúnamh! Is údar mór dóchais don cheantar a leithéid do chomhoibriú i bpobal beag le dul chun cinn na ngasúr a bhrú ar aghaidh. Bailíonn brobh beart! "Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine!"

An tAth. Micheál Ó Flannabhra, S.P.



Ré Nua 1961-2007

Tá roinnt mhaith athraithe feicthe ag Scoil Cholmcille, An Tulaigh ó tógadh í i 1961 ar an suíomh ina bhfuil sí faoi láthair. Sa bhliain sin, ba é Mícheál Ó Fátharta (R.I.P) as an gCnoc, na hAille, a bhí mar Phríomhoide, agus bhí beirt mhúinteoirí eile ina theannta. I 1970 rinneadh cónascadh idir Scoil Cholmcille na Tulaí agus Scoil Bhríde na Minna. Ba í Bríd Bn. Uí Dhonncha a bhí ag múineadh i Scoil na Minna ag an am agus bhí sí ag múineadh i Scoil na Tulaí ina dhiaidh sin nó gur éirigh sí as a post i 2000.

Scoil 3 oide a bhí sa scoil go dtí 1981 nuair a bhí 109 ndalta cláraithe ar an Rolla. Sa bhliain sin ceapadh Séamas Ó Conghaile mar Phríomhoide agus ba é a bhí sa ról sin nó gur éirigh sé as i Meán Fómhair 2006.

Tógadh seomra réamhdhéanta i 1981 chun freastal ar an rang breise agus bhí sé fós ag feidhmiú mar sheomra ranga go dtí 1998 nuair a tógadh seomra ranga nua, seomra foirne agus seomra uilefhiúntach.

Rinneadh athchóiriú iomlán ar an seanfhoirgneamh agus is beag a cheap muid ag an am go mbeadh muid ag tógáil arís taobh istigh de 10 mbliana!

Le 5 bhliana, tá méadú mór tagtha ar líon na ngasúr atá ag freastal ar an scoil. Sa bhliain 2005 bhí 117 gasúr ar na rollaí agus ceapadh Niamh Ní Loinsigh as Cor na Rón mar an 5ú múinteoir ranga. Anuraidh (2006) ní raibh ach ochtar i Rang a 6 agus nuair a chríochnaigh

siadsan i Meitheamh na bliana seo bhí 24 gasúr cláraithe i Rang na Naíonáin Bheaga agus tháinig ochtar eile – as Meiriceá, Maigh Eo, Cill Dara agus ón bPolainn – i ranganna eile sa scoil, rud a d'fhág go bhfuil 156 gasúr ar na rollaí againn faoi láthair. De bharr an mhéadú seo fuair muid cead múinteoir eile a cheapadh, sin í Sarah Ní Choistealbha as an bPáirc atá ag múineadh Rang a 2.

Nuair a ceapadh Niamh Ní Loinsigh i 2005 bhí orainn seomra réamhdhéanta a fháil agus ina theannta sin, an bhliain chéanna, ceapadh múinteoir tacaíochta foghlama agus múinteoir acmhainne lánaimseartha ar an bhfoireann agus fuaireamar seomra eile réamhdhéanta dóibh siúd. Chuireamar iarratas chuig an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ag iarraidh seomraí ranga breise agus ceadáíodh an deontas dúinn i Márta 2006. Thosaigh comhlacht tógála Cuddy ar an obair i Márta na bliana seo agus ar an gCéadaoin roimh shaoire na Samhna

d'aistrigh muid isteach i 3 sheomra ranga nua, le háiseanna den scoth.

Ba iontach go deo an tacaíocht a fuair muid ó thuismitheoirí na scoile agus ó phobal na Tulaí chun airgead a bhailiú don fhoirgneamh nua agus arís tháinig meitheal breá isteach chun cabhrú linn an troscán a aistriú agus cláracha a chrochadh. Nár laga Dia sibh!

I dteannta na seomraí nua a tógadh ceadáíodh deontas dúinn chun athchóiriú a dhéanamh ar cheann de na seanseomraí ranga agus anois tá seomra céadfach (*sensory room*) le fearais den scoth againn. Tá an seomra seo (an t-aon cheann dá shórt in aon bhunscoil sa chontae) feistithe amach do ghasúir a bhfuil riachtanais speisialta acu agus a bhfuil clár oibre leagtha amach ag an Teiripeach Ceirde dóibh.

Seo leanas na múinteoirí a mhúin sa scoil ó 1961:

Mícheál Ó Fátharta, Príomhoide (1961 – 1980) as na hAille; Máire Duignan; Bairbre Ní Churraoin; Bríd Uí Dhonnchadha (1970 – 2000); Séamas Ó Conghaile, Príomhoide (1980 – 2006); Máire Ní Dhonnchadha (1981 – 1996); Bríd Ní Neachtain (1988 – 1992); Fil Uí Dhubhghaill (1992 – 2006) Naíonáin Bheaga agus Naíonáin Mhóra agus ó Meán Fómhair 2006 mar Phríomhoide agus Rang na Naíonáin Bheaga; Yvonne Ní Laife (1995 –); Bríd Bleasdale (2000 –) Príomhoide Ionaid agus Rang a 3 agus 4; Caroline Ní Fhrighil (2003 –) Múinteoir Acmhainne; Tríona Breathnach; Rita Ní Chonghaile (2004 –) Múinteoir Tacaíochta Foghlama; Niamh Ní Loinsigh (2005 –) Rang a 1; Bernadette Uí Laoi (2005 –2007) Tá Bernadette ar shos gairme faoi láthair; Cathal Ó Frighil (2006 –) Rang a 5 agus 6; Sarah Ní Choistealbha (2007–) Rang a 2; Caitríona Ní Chualáin (2007–) Rang na Naíonáin Mhóra (in ionad Bhernadette Uí

Laoi; Brian Ó Murchú (Samhain 2007–) Múinteoir Acmhainne Roinnte.

Ag cabhrú leis na Múinteoirí tá 4 Cúntóirí Riachtanais Speisialta – Pauline Breathnach, Kathy Ní Ghríofa-Nic Tháibhis, Bríd Ashford agus ag an am a raibh an t-alt seo á scríobh bhí muid ag fanacht le ceapachán eile. Is í Máire Uí Dhonnchadha an Rúnaí agus déanann sise a dícheall muid ar fad a choinneáil ar an mbóthar díreach! Tá creidiúint faoi leith ag dul do Thadhg Ó Conghaile agus dá bhean chéile Cáit, as an gCaisleán, a choinníonn an fhoirgneamh breá seo glan, slachtmhar!

Nach iontach na scéalta a d'fhéadfadh na ballaí a inseacht agus nach iomaí gasúr a shíúil trí dhoirse na scoile seo le 46 bliana agus le cúnamh Dé ní aireoidh muid é go mbeidh muid ag ceiliúradh an leathchéid!

Fil Uí Dhubhghaill

Céad Comaoineach na Tulaí



Ar chúl ó chlé: Fil Uí Dhubhghaill (príomhoide), An Canónach Colm Ó Ceannabháin, Niamh Ní Loinsigh (múinteoir).

Sa lár ó chlé: Colm Ó Finneadha, Aaron Ó hAinnín, Mícheál Ó Tuathail, Colm Ó Donncha, Eimear Ní Thuairisg, Camille Casbum-Trahan, Marie Ní Fhlanncha, Caoilfhionn Ní Chomhghain.

Chun tosaigh ó chlé: Liam Mac Donncha, Emer Ní Dhonncha, Anysia Ní Thuairisg, Tamara Ní Chonghaile, Sorcha Ní Bhraonáin, Niamh Ní Chuinn, Méabh Nic Dhonnacha, Rachel Nic an Ultaigh, Seosamh Ó Conghaile.

Beannú Scoil Cholmcille na Tulaí 2007

In Ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh. Amen.

Go mBeannaí Dia dhaoibh!

Thar cheann an Phobail fearaim fíorchaoín fáilte romhaibh ar fad ag Scoil Cholmcille na Tulaí ar ócáid a beannaithe. Buíochas mór le Dia go bhfuil a leithéid de lá tagtha. Is ócáid mhór stairiúil áthasach í sa bpobal seo. Bhíomar ag fanacht le fada lena leithéid de lá. Ach b'fhiú an fanacht fada!!

Cuirim fáilte Uí Cheallaigh roimh an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Éamon Ó Cuív T.D., a ghearr an ribín dúinn ar ball agus roimh oifigigh a Roinne. Fáiltím roimh oifigigh ón Roinn Oideachais. Ní raibh an tAire Oideachais féin in ann a bheith linn inniu ach gheall sí bualadh isteach sa scoil ag ócáid eile amach anseo. Glacaim buíochas leis Roinn Oideachais a chuir deontas de €583,000 ar fáil don scoil. Glacaim buíochas leis an bpobal, idir thuismitheoirí, múinteoirí agus Bord Bainistíochta na scoile, a bhailigh €70,000 don scoil. B'iontach go deo an t-éacht an oiread sin a bhailiú i bpobal beag agus is údar gaisce é don phobal. Fáiltím roimh na haíonna atá tagtha. Ba dheas uaibh a theacht.

Thuas atá an chabhair is anuas a haghaidh. Tá stór mór i gcófra Chríost agus Dia na Glóire go fairsing faoi. Iarraimis uilig le chéile ar Dhia rabharta mór dá bheannachtaí a scaoileadh anall ón gcladach thall againn atá bailithe le chéile ar an gcladach abhus.

Guimis:- A Dhia tá d'fharraige chomh mór sin agus bád na scoile chomh beag sin. Tar anuas agus leag do lámh ar stiúir an bháid anseo á threorú is á chumhdach. Go raibh istigh inti, idir scoláirí, múinteoirí, tuismitheoirí agus Bord Bainistíochta, ag tarraingt le chéile i gcónaí ar na maidí le bád na scoile a choinneáil faoi lán seoil.



Scoil na Tulaí mar a bhí roimh an bhforbairt mhór is deireanaí.



An seomra nua céadfach i Scoil na Tulaí.

Beannú na Scoile

Go mbeannaí Dia an foirgneamh nua seo
óna bhun go dtí a bharr.
Go mbeannaí Sé an fardoras,
gach cloch is gach clár:
Go gcumhdaí Dia an scoil seo
agus gach a bhfuil dinn ann:
Idir scoláirí, múinteoirí agus chuile dhuine
A shíúlann thar tairseach faoina cheann.
Go mbeannaí Sé an doras a osclóimid go fial
don stráinséir is don bhochtán,
Chomh maith is dár ngaol:
Go mbeannaí Sé na fuinneoga
A ligeann dúinn an léas
ó sholas geal na Gréine, na Gealaí is na Réalt.
Go mbeannaí Sé na frathacha in airde os ár gcionn
Is fós gach balla daingean atá dár dtimpeallú ann.
Go gceanglaí Dia le chéile scoil is Gaeilge
ar nós an chleamhnais is binne;
Mar 'sí an scoil todhchaí ár linne
agus an Ghaeilge guth an chine.
Go raibh dílseacht don Fhírinne le mothú faoina scáth
Is don chultúr, dúchas is teanga, cion is grá:
Go mbeannaí Dia lucht na scoile
is gach a mbaineann léi a choinneáil ó bhaol,
Agus go spreaga agus go stiúra
a bhéas feicthe agus cloiste ann
Chuile ghasúr i mbun an tsaoil:
Go raibh dearcadh Chríost á ngríosadh,
Sampla Chríost á scaipeadh ar nós an tsíl.

Agus gasúir na scoile seo dá réiteach is dá múnlu le haghaidh an tSaoil. Cuirim an scoil seo faoi chumhdach ár Naomh Phatrún Colm Cille. Go spreaga sé dúil san oideachas i measc na ngasúr agus go méadaí sé iontu chuile chineál dul chun cinn. Amen.

Croitheadh an Uisce Choisricthe
Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh,
Athair, Mac agus Spiorad Naomh. Amen.